II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2020/1066 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Iúil 2020

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2370 chun tacú le Cód Iompair na Háige agus neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Nollaig 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2370 ([1]).

(2) Síníodh an comhaontú deontais leis an *Fondation pour la recherche stratégique* (FRS) an 21 Nollaig 2017 agus rachaidh sé in éag an 20 Nollaig 2020.

(3) An 26 Bealtaine 2020, d'iarr an FRS síneadh ar an tréimhse cur chun feidhme do Chinneadh (CBES) 2017/2370 go dtí an 20 Nollaig 2021. Is mar gheall ar phaindéim COVID-19 atá an síneadh á iarraidh, agus go háirithe mar gheall ar roinnt gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh sin a bheith á gcur siar chomh maith leis an drogall atá ar riaracháin náisiúnta i spriocthíortha plé a dhéanamh ar eagrú imeachtaí i ré seo na neamhchinnteachta, de bharr na paindéime sin.

(4) Maidir le leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2017/2370 go dtí an 20 Nollaig 2021, níl aon impleacht aici sin a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2017/2370 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2370:

"2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 20 Nollaig 2021.".

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/2370 ón gComhairle an 18 Nollaig 2017 chun tacú le Cód Iompair na Háige agus neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 337, 19.12.2017, lch. 28).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Iúil 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. KLOECKNER